Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# GNÓ

## Gnáthleibhéal

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2011

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

## SCÉIM MHARCÁLA

## AGUS

# NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta atá leis seo eisiach ná críochnaitheach.
- I gcuid mhór cásanna, faightear eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta. Níor mhór go mbeadh na frásaí sin i bhfreagra an iarrthóra d'fhonn na marcanna sannta a fháil.
- Déanfar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2011

## SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1 (100 marc)**
Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

| Ceist | Scéim Mharcála | |
|---|---|---|
| 1 | 1ú téarma ceart 2m+1m+1m<br>2ú téarma 1m+1m+1m<br>3ú téarma 1m+1m+1m | 10 |
| 2 | Míniú @ 6 mharc (3m + 3m)<br>**Dhá** shampla @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 3 | **Ceithre** fhreagra (3m + 3m + 2m + 2m) | 10 |
| 4 | **Dhá** chúis @ 3 mharc an ceann<br>**Dhá** shampla @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 5 | **Trí** chúinse (4m + 3m + 3m) | 10 |
| 6 | Oibrithe:<br>Forimle @ 2 mharc<br>Figiúirí @ 4 mharc<br>Freagra @ 4 mharc | 10 |
| 7 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 8 | **Dhá** bhuntáiste @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 9 | **Trí** mhodh@ 10 marc: (4m + 3m +3m) | 10 |
| 10 | **Dhá** mhíniú @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 11 | **Dhá** fheidhm @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 12 | **Trí** fhoinse @ 10 marc: (4m + 3m +3m) | 10 |
| 13 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 14 | **Dhá** bhuntáiste @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| 15 | **Dhá** fhreagra @ 5 mharc an ceann | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna ar fáil** | **100** |

# ROINN 2 – 300 MARC

## ROINN 2 CUID 1

**ÍOSMHÉID:** **CEIST AMHÁIN** (75 marc)
**UASMHÉID:** **DHÁ CHEIST** (150 marc)

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1 (A)** | (i) Ceithre fhocal + bliain @ 2 mharc an ceann<br><br>(ii) Míniú: 3 phointe @ 5 mharc<br><br>(iii) Trí mhíniú:<br>9m (5m + 4m) Míniú + tagairt<br>8m (4m + 4m)<br>8m (4m + 4m) | 5 x 2m<br><br>3 x 5m<br><br><br><br><br>9m + 8m + 8m | 10<br><br>15<br><br><br><br><br>25 |
| **1 (B)** | (i) Trí fhoras @ 5 mharc<br><br>(ii) Breac-chuntas ar an ról @ 10 marc (7m + 3m) | 5m + 5m + 5m<br><br>10m | 15<br><br>10 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA

### CEIST 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2 (A)** | **Trí** shlí a ndeachaigh an cúlú eacnamaíochta i bhfeidhm<br>@ 7m (4m + 3m) + 7m (4m + 3m) + 6m (3m + 3m) | 7m + 7m + 6m | 20 |
| **2 (B)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhfeachtas<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 2 x 10m | 20 |
| **2 (C)** | **Dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann<br>@ 10 marc an ceann (5m + 5m) | 2 x 10m | 20 |
| **2 (D)** | **Dhá** sheirbhís a chuireann na Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil<br>@ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m +7m | 15 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA

## CEIST 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3 (A)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le tionscal na talmhaíochta @ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **3 (B)** | **Trí** bhealach a gcabhraíonn Rialtas na hÉireann le gnó @ 9m (5m + 4m) + 8m (4m + 4m) + 8m (4m + 4m) | 9m + 8m + 8m | 25 |
| **3 (C)** | **Dhá** chúis a dtagann cuideachtaí trasnáisiúnta chun lonnú in Éirinn @ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **3 (D)** | **(i)** Cúis **amháin** don mhéadú @ 6 marc (3m + 3m)<br>**(ii) Dhá** thoradh de bharr an mhéadaithe @ 7 marc an ceann (4m + 3m) | 6m<br>7m + 7m | 20 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## ROINN 2 CUID 2

**ÍOSMHÉID: DHÁ CHEIST** (150 marc)
**UASMHÉID: TRÍ CHEIST** (225 marc)

## FIONTRAÍOCHT/BAINISTÍOCHT/GNÓ i nGNÍOMH

## CEIST 4

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4 (A)** | **Trí** thréith/scil fiontraíochta @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 3 x 5m | 15 |
| **4 (B)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le comhpháirtíocht @ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **4 (C)** | **Dhá** thoisc @ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **4 (D)** | **Trí** fhreagracht a bhíonn ar fhostóir @ 7m (4m + 3m) + 7m (4m + 3m) + 6m (3m + 3m) | 7m + 7m + 6m | 20 |
| **4 (E)** | **Dhá** fhoirm – aidhm: 2 @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 2 x 5m | 10 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## BAINISTÍOCHT/GNÓ I NGNÍOMH

## CEIST 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5 (A)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le buiséad teaghlaigh<br>@ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **5 (B)** | Nithe a fháil ar léas – buntáiste amháin @ 8m (4m + 4m)<br>míbhuntáiste amháin @ 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **5 (C)** | (i) **Trí** chineál árachais @ 1 mharc an ceann<br>(ii) **Dhá** mhíniú @ 6 mharc an ceann (3m + 3m) | 3m<br>12m | 15 |
| **5 (D)** | (i) **Dhá** bhuntáiste @ 5 mharc an ceann<br>(ii) **Dhá** dheacracht @ 5 mharc an ceann | 10m<br>10m | 20 |
| **5 (E)** | **Dhá** mhíniú @ 5 mharc an ceann | 10m | 10 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

## GNÓ I NGNÍOMH

## CEIST 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6 (A)** | Míniú: an buntáiste de bheith faoi dhliteanas teoranta<br>@ 10 marc (5m + 5m) | 10m | 10 |
| **6 (B)** | (i) Taighde allamuigh: Míniú 5 mharc (3m + 2m)<br>Sampla amháin @ 5 mharc<br>(ii) Taighde deisce: Míniú 5 mharc (3m + 2m)<br>Sampla amháin @ 5 mharc | 10m<br>10m | 20 |
| **6 (C)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hainm branda<br>@ 5 mharc an ceann | 10m | 10 |
| **6 (D)** | (i) Feidhm **amháin** de chuid na fógraíochta @ 5 mharc<br>(ii) **Trí** mheán fógraíochta @ 5 mharc an ceann (2m + 3m) | 5m<br>15m | 20 |
| **6 (E)** | (i) An Spriocmhargadh: Míniú @ 10 marc (5m + 5m)<br>(ii) Sampla **amháin** @ 5 mharc | 10m<br>5m | 15 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

| BAINISTÍOCHT/GNÓ I NGNÍOMH |
|---|

## CEIST 7

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7 (A)** | Anailís **LLDB**:<br>**Ceithre** fhocal @ 2 mharc an ceann<br>Míniú nó sampla i dtaobh gach focail @ 3 mharc an ceann | 8m<br>12m | 20 |
| **7 (B)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú<br>@ 5 mharc an ceann | 10m | 10 |
| **7 (C)** | (i) **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le suíomh idirlín<br>@ 5 mharc an ceann<br>(ii) **Dhá** dhúshlán a chruthaíonn an t-idirlíon<br>@ 5 mharc an ceann | 10m<br>10m | 20 |
| **7 (D)** | (i) **Fógra nuachtáin:**<br>Cúlra: bunú an chaife, mearbhia, orgánach 3m<br>Folúntas: Bainisteoir Margaíochta 1m<br>Cáilíochtaí: Céim, taithí mhargaíochta, díolachán idirlín, eolas, in ann oibriú mar chuid d'fhoireann 8m<br>Iarratas: spriocdháta, ainm, seoladh. 3m<br>(ii) **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair bhuíne<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15m<br>10m | 25 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

| BAINISTÍOCHT/GNÓ I NGNÍOMH |
|---|

## CEIST 8

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8 (A)** | **Dhá** bhuntáiste a thiocfadh as an óstán a uasghrádú<br>@ 8m (4m + 4m) + 7m (4m + 3m) | 8m + 7m | 15 |
| **8 (B)** | **Trí** mhodh chun inspreagadh a fheabhsú<br>@ 7m + 7m + 6m | 20m | 20 |
| **8 (C)** | (i) Liostaigh **trí** leibhéal @ 10 marc (4m + 3m + 3m)<br>(ii) **Dhá** mhíniú @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10m<br>10m | 20 |
| **8 (D)** | (i) **Foirmle** @ 4 mharc<br>**Dhá** chóimheas @ 6 mharc an ceann<br>(ii) Míniú **amháin** @ 4 mharc | 4m<br>12m<br>4m | 20 |
| | Marcanna ar fáil | | **75** |

# Nótaí Tacaíochta

**ROINN 1 -** 100 marc

| | |
|---|---|
| **1.** | **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**<br>(i) CGB (AGM) Cruinniú Ginearálta Bliantúil<br>(ii) CPT (PLC) Cuideachta Phoiblí Theoranta<br>(iii) AGE (AOB) Aon Ghnó Eile |
| **2.** | **Mínigh an téarma 'infheisteoir' agus tabhair dhá shampla d'infheisteoirí.**<br>Soláthraíonn infheisteoirí caipiteal/cistí/airgead/maoiniú/deontais atá ag teastáil ón gnólacht/ón bhfiontraí.<br>Samplaí: (i) Scairshealbhóirí (a bheidh ag súil le brabús/díbhinn)<br>(ii) Caipiteal an úinéara (ag súil le brabús)<br>(iii) Cuireann iasachtóirí (na bainc) caipiteal iasachta ar fáil nach mór é a aisíoc le hús.<br>(iv) Deontais ón Rialtas (ní gá iad a aisíoc ach baineann coinníollacha leo). |
| **3.** | **Cuir in iúl le tic (✓) an fhoinse airgeadais chuí dóibh seo a leanas:** |

| | **Gearrthéarmach** | **Meántéarmach** | **Fadtéarmach** |
|---|---|---|---|
| Veain seachadta | | ✓ | |
| Stoc a cheannach | ✓ | | |
| Síneadh a chur le monarcha | | | ✓ |
| Bille leictreachais a íoc | ✓ | | |

| | |
|---|---|
| **4.** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a ndéanann gnólachtaí Éireannacha earraí a onnmhairiú agus tabhair dhá shampla d'onnmhairí Éireannacha.**<br>Cúiseanna:<br>(i) Chun díolacháin agus brabúis a mhéadú<br>(ii) Saineolas<br>(iii) Tá an margadh intíre róbheag<br>(iv) Airgead a shaothrú d'fhonn íoc as allmhairí<br><br>Samplaí:<br>Táirgí talmhaíochta – feoil, cáis, im<br>Táirgí cógaisíochta<br>Feistí leighis<br>Deochanna alcólacha – uisce beatha, Baileys. |
| **5.** | **Liostaigh trí chúinse nach mbíonn inniúlacht conraithe ag duine iontu.**<br>o daoine faoi ocht mbliana déag d'aois (ach amháin i dtaca le hearraí laethúla amhail bia, éadaí)<br>o daoine faoi thionchar an óil/drugaí<br>o féimhigh<br>o daoine mímheabhracha<br>o daoine a bhfuil díolúine thaidhleoireachta acu. |

**6.** **Déan an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid a ríomh:**

Brabús Glan: **€40,000** Caipiteal in Úsáid: **€500,000**

$$\frac{\text{Brabús Glan x 100}}{\text{Caipiteal in Úsáid}} = \frac{\text{€40,000 x 100}}{\text{€500,000}} = 8\%$$

**7.** **Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas:**

| | Ráiteas | Fíor nó Bréagach |
|---|---|---|
| (i) | Ciallaíonn Meon Lánmhaith nach foláir don árachaí an fhírinne a insint agus na fíricí ábhartha go léir a nochtadh. | **Fíor** |
| (ii) | Baineann an Baisctháirgeadh le próiseas ina ndéantar an t-earra céanna a tháirgeadh go seasta. | **Bréagach** |
| (iii) | I gcúrsaí árachais bíonn feidhm ag an bhForáil Chaillroinnte nuair atá árachas faoi bhun a luacha ar rud. | **Fíor** |
| (iv) | Is maith leis an gCeannaire Uathlathach a chuid fostaithe a bheith páirteach sa chinnteoireacht. | **Bréagach** |
| (v) | Baineann an Jabtháirgeadh le próiseas ina ndéantar táirge singil aon-uaire de réir sonraíochta an chustaiméara. | **Fíor** |

**8.** **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá ag Éirinn mar gheall ar a ballraíocht san AE.**

- Airgeadra coiteann – euro – tá trádáil/taisteal níos éasca
- Margadh níos mó ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha maidir le honnmhairiú/leathnú
- Féadtar barainneachtaí scála a bhaint amach trí leathnú a dhéanamh
- Saorthrádáil – ní ghearrtar dleachtanna rialtais ar ghluaiseacht earraí agus seirbhísí
- Saorghluaiseacht caipitil agus saothair.

**9.** **Liostaigh trí mhodh Cumarsáide Scríofa a d'fhéadfadh gnó a úsáid:**

(i) Litir
(ii) Meamram
(iii) Cáipéisí Gnó
(iv) Facs
(v) Tuairisc/Tuarascáil
(vi) Nuachtlitir
(vii) Ríomhphost
(viii) Miontuairiscí
(ix) Fógraí
(x) Téacsteachtaireachtaí

**10.** **Mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas:**

**(i) Oiliúint ar an láthair:** Ciallaíonn oiliúint ar an láthair oiliúint agus taithí oibre phraiticiúil a chuirtear ar fáil san ionad oibre. Cuirtear oiliúint ar fhostaithe trí bheith ag féachaint ar chomhghleacaithe agus ar mhaoirseoirí a bhfuil taithí acu, agus trí bheith ag obair leo.

**(ii) Oiliúint ar láthair eile:** Oiliúint d'aon chineál a bhfuil baint ag an oiliúint sin leis an obair agus nach gcuirtear ar fáil san ionad oibre. Freastalaíonn fostaithe ar chúrsaí, ar léachtaí agus ar sheimineáir taobh amuigh den ionad oibre.

| | |
|---|---|
| 11 | **Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag Ceardchumann:**<br>• Pá cothrom a fháil dá chuid ball/dul i mbun Comhaontuithe Náisiúnta<br>• Coinníollacha oibre cothroma/feabhsaithe a fháil dá chuid ball<br>• Idirbheartaíocht a dhéanamh thar ceann a mball i gcás aighnis trádála/ionadaíocht a dhéanamh thar ceann a mball<br>• Deiseanna do dhul chun cinn agus d'oiliúint a lorg dá chuid ball<br>• Saoráidí oiliúna agus áineasa/scéimeanna coigiltis a chur ar fáil dá chuid ball. |
| 12 | **Liostaigh trí fhoinse ioncaim a bhíonn ag teaghlach:**<br>(i) Pá/Tuarastal/Íocaíocht ragoibre/Bónas<br>(ii) Leas Sóisialach / Sochar Cuardaitheora Poist/Dífhostaíochta / Pinsean Stáit<br>(iii) Sochar linbh<br>(iv) Ús ar choigiltis<br>(v) Díbhinní. |
| 13 | **Liosta de théarmaí gnó atá i gColún 1. Liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí seo atá i gColún 2.**<br>**Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos.** |
| 14. | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste don tomhaltóir a bhaineann leis an gCúirt Mhionéileamh.**<br>• Soláthraítear réiteach tapa ar éilimh tomhaltóirí suas go luach €2,000.<br>• Thar a bheith inrochtana do dhaoine – is féidir gearán a dhéanamh tríd an bpost nó ar líne – is féidir an fhoirm iarratais a íoslódáil.<br>• Níl sé costasach – táille de €15<br>• Ní bhíonn aon aturnaetha páirteach, rud a shábhálann costas breise ar an tomhaltóir<br>• Gheofar breithiúnas neamhchlaonta agus cothrom. |
| 15 | **Má thiteann luach an euro (€) in aghaidh Sterling (£), cuir in iúl an mbeadh súil leis go dtiocfadh méadú nó laghdú ar na nithe seo a leanas:** |

Table for question 13:

| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarmaí Gnó** | **D** | **E** | **A** | **F** | **C** |

Table for question 15:

| | Méadú nó Laghdú |
|---|---|
| (i) Líon na gCuairteoirí ar Éirinn ón Ríocht Aontaithe | **Méadú** |
| (ii) Onnmhairí Éireannacha chun na Ríochta Aontaithe | **Méadú** |

# ROINN 2

## ROINN 2 – CUID 1

### Ceist 1 – Daoine sa Ghnó

| | |
|---|---|
| **1 (A)** | **(i)** **Ainmnigh an dlí a thugann cosaint do Phóilín Nic Cárthaigh sa chás seo.**<br>An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.<br><br>**(ii)** **Mínigh céard ba cheart do Phóilín a dhéanamh in iarracht an cás a luaitear thuas a réiteach.**<br>o Ba cheart do Phóilín bualadh isteach chuig an siopa/ litir ghearáin a sheoladh chuig siopa BeirLeatFón.<br>o Ba cheart di an admháil a thabhairt isteach léi/an admháil a bheith iniata leis an litir.<br>o Ba cheart di an fhadhb a mhíniú don chúntóir siopa nó do bhainisteoir an tsiopa.<br>o Ba cheart di fón nua nó aisíocaíocht a iarraidh/a áitiú.<br><br>**(iii)** **Mínigh na trí théarma a bhfuil líne fúthu ag tagairt don chás ina bhfuil Póilín.**<br><br>**Mianach inmhargaidh:** Ní mór earraí a bheith de mhianach inmhargaidh – ba chóir go mbeadh earraí de mhianach/caighdeán réasúnta, agus an fheidhm mheasta, an mharthanacht agus an praghas a bhaineann leo á gcur san áireamh.<br>*Níor oibrigh rialaitheoir fuaime fhón Phóilín i gceart*<br><br>**Feiliúnach don chuspóir:** Ní mór go mbeadh na hearraí feiliúnach dá gcuspóir beartaithe – ní mór go ndéanfaidís an rud atá siad ceaptha a dhéanamh nuair a díoladh iad.<br>*B'éigean an fón a athluchtú cúpla uair in aghaidh an lae*<br><br>**Sásamh:** Mura gcomhlíonann earraí aon cheann de na pointí thuas, tá an tomhaltóir i dteideal **sásaimh** nó cúitimh.<br>*Tá Póilín i dteideal aisíocaíochta nó athsholáthair sa chás seo.* |

| | |
|---|---|
| **1 (B)** | **(i) Liostaigh trí fhoras ar a bhfuil an leithcheal neamhdhleathach faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998:**<br>(i) Inscne/Fir/Mná<br>(ii) Stádas pósta<br>(iii) Stádas teaghlaigh<br>(iv) Gnéaschlaonadh<br>(v) Creideamh<br>(vi) Aois<br>(vii) Cine<br>(viii) Míchumas<br>(ix) Duine den lucht siúil<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar ról an Údaráis Comhionannais.**<br>• Cinntíonn an tÚdarás go ndéileáiltear go cothrom le gach duine sa tír agus cinntíonn siad nach dtarlaíonn leithcheal de bharr forais áirithe.<br>• Oibríonn an tÚdarás chun an leithcheal san fhostaíocht a dhíbirt<br>• Cuireann an tÚdarás comhairle ar fáil do ghnóthaí, d'fhostaithe agus don phobal maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí faoin reachtaíocht chomhionannais<br>• Cuireann an tÚdarás comhionannas maidir le deiseanna fostaíochta chun cinn<br>• Tugann an tÚdarás cúnamh do dhaoine a bhfuil gearáin acu maidir le leithcheal san ionad oibre<br>• Déanann an tÚdarás monatóireacht agus athbhreithniú maidir le feidhmiú an Achta<br>• Cuireann an tÚdarás comhairle agus tacaíocht ar fáil d'fhostaí chun cás a thabhairt os comhair an Bhinse Comhionannais ach níl aon chumhacht ag an Údarás chun cinneadh a dhéanamh ar chás. |

## Ceist 2 – Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

**2 (A)** **Déan cur síos ar thrí shlí a ndeachaigh an cúlú eacnamaíochta i bhfeidhm ar bhaile na Carraige, ag úsáid samplaí as an téacs thuas.**

| Iarmhairtí | Samplaí ón téacs |
|---|---|
| Dúnadh siopaí | Dúnadh roinnt siopaí sa bhaile |
| Níos mó dífhostaíochta | Tá a dhá oiread daoine dífhostaithe |
| Laghdú díolachán/brabús ag siopaí agus bialanna áitiúla | De bharr an 46 iomarcaíocht ag Máirtín de Paor Tta. |
| Comhoibriú an luchta gnó chun iarracht a dhéanamh jabanna a choinneáil sa bhaile | Seoladh an fheachtais 'Ceannaigh i gCarraig' |
| Téann lucht saothair óg, cumasach ar eisimirce | Beidh Máirtín agus 20 dá chuid iar-fhostaithe ag obair i Londain ar feadh bliana chun an conradh a chur i gcrích. |

**2 (B)** **Mínigh dhá bhuntáiste do bhaile na Carraige a bhaineann leis an bhfeachtas 'Ceannaigh i gCarraig'.**

(i) Bainfidh gnólachtaí áitiúla leas as an bhfeachtas – méadú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis
(ii) Coinnítear seirbhísí áitiúla sa bhaile (e.g. miondíoltóirí, stáisiún peitril)
(iii) Tá fostaíocht níos sláine agus d'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar an méid fostaíochta atá ann
(iv) D'fhéadfadh go n-osclófaí/go n-athosclófaí níos mó siopaí ar an mbaile
(v) Níos mó airgid caite ag gnólachtaí, e.g. urraíocht a dhéanamh ar fhoirne/imeachtaí áitiúla.

**2 (C)** **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann de bharr gur bhuaigh Foirgníocht Mháirtín de Paor Tta an conradh a bhaineann le Cluichí Oilimpeacha na bliana 2012 i Londain.**

(i) Níos lú airgid caite ag Rialtas na hÉireann ar shochar leasa shóisialaigh/dífhostaíochta
(ii) Tiocfaidh roinnt den phá a shaothraíonn na hoibrithe ar ais go Carraig, agus caithfear ansin é, ag cur le fáltais CBL agus ag tabhairt cúnaimh do chúrsaí gnó in Éirinn
(iii) Bainfidh geilleagar na hÉireann tairbhe as an gCáin Chorparáide nach mór a íoc ar na brabúis a thuilleann Máirtín de Paor Tta
(iv) Laghdú ar an méid iomlán dífhostaíochta mar go bhfuil post ann do 20 oibrí.

**2 (D)** **Mínigh dhá sheirbhís a chuireann na Boird Fiontar Contae/Cathrach ar fáil do ghnólachtaí.**

- Deontais – deontais chaipitil/deontais fostaíochta/deontais chun staidéar féidearthachta a dhéanamh
- Clár Meantóireachta – tugann úinéir gnólachta a bhfuil taithí aige/aici cúnamh d'fhiontraí chun na dúshláin a bhaineann le gnólacht nua a chur ar bun a shárú
- Tacaíocht Gnó – cúnamh le margaíocht, leis na céimeanna a bhaineann le gnó a bhunú, comhairle fostaíochta
- Oiliúint – cúrsaí maidir le gnólacht a bhunú, gnólacht a bhainistiú, dearadh láithreáin gréasáin, cuntasaíocht agus cánachas.

## Ceist 3 – Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| 3 (A) | **Mínigh dhá bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le tionscal na talmhaíochta.**<br>(i) Cruthú fostaíochta – thart ar 4% den lucht saothair<br>(ii) Soláthar amhábhar do thionscal próiseála bia – agra-ghnó<br>(iii) Cuireann onnmhairiú táirgí talmhaíochta go mór le Comhardú na Trádála/Íocaíochtaí<br>(iv) Soláthar táirgí bia don mhargadh Éireannach / margaidh feirmeoir / tuilleadh díolacháin<br>(v) Soláthar táirgí bia orgánacha a chuireann roghanna níos sláintiúla ar fail / comhshaol<br>(vi) Forbairt tuaithe a chur chun cinn agus a spreagadh<br>(vii) Agraithurasóireacht a chur chun cinn – is diol spéise do chuairteóirí iad feirme peataí. |
| 3 (B) | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhealach ina bhféadfadh Rialtas na hÉireann cabhrú le gnó na hÉireann.**<br>(i) Deontais trí gníomhaireachtaí amhail Fiontraíocht Éireann/Údarás na Gaeltachta/IDA<br>(ii) Traenáil trí FÁS<br>(iii) Rátaí cánach ísle – Laghduithe CBL/Cáin Chorparáide<br>(iv) Forbairt infreastruchtúir níos fearr – mótarbhealaí nua<br>(v) Reachtaíocht a chabhraíonn leis an ngnó a rith, e.g.<br>An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989<br>An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990.<br>(vi) Misin trádála thar lear, e.g. go dtí an tSín. |
| 3 (C) | **Mínigh dhá chúis a dtagann cuideachtaí trasnáisiúnta (cuideachtaí ilnáisiúnta) chun lonnú in Éirinn.**<br>(i) Deontais ó IDA Éireann<br>(ii) Lucht saothair foghlamtha agus oilte in Éirinn<br>(iii) Bealach isteach chuig margadh an AE<br>(iv) Cáin chorparáide ar ráta íseal<br>(v) Díospóidí tionsclaíocha ar leibhéal íseal. |
| 3 (D) | **I gCáinaisnéis na bliana 2011 mhéadaigh an Rialtas na cánacha ar pheitreal agus ar dhíosal.**<br>**(i) Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhí leis an méadú seo ar na cánacha.**<br>Tá gá ag an Rialtas le fáltais ó chánacha a mhéadú agus le caiteachas a laghdú chun an t-easnamh sa bhuiséad a laghdú.<br>Is cáin í atá éasca le forchur agus le bailiú<br>Is cáin charbóin í a léiríonn an costas comhshaoil a bhaineann le hídiú breosla.<br>**(ii) Déan cur síos ar dhá thoradh a thiocfaidh as an méadú seo ar na cánacha.**<br>• Tagann méadú ar chostais taistil an phobail, ag laghdú ioncam indiúscartha eile.<br>• Bailíonn an Rialtas níos mó ioncaim<br>• Tagann méadú ar chostais tarlaithe agus dáileacháin agus tagann méadú ar chostais earraí dá bharr.<br>• Titim sa chaighdeán maireachtála go ginearálta<br>• Méadú ar iompar poiblí, rothaíocht agus siúl go h-obair. |

# ROINN 2 CUID 2

## Ceist 4 – Fiontraíocht / Bainistíocht / Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| **4 (A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí cinn de thréithe/scileanna fiontraíochta a léirigh Jason.**<br>• Nuálach/in ann deiseanna a thapú – ábalta deis a fheiceáil chun gnólacht nua a bhunú<br>• Cinntitheach – thosaigh sé a gnólacht féin/cheannaigh sé trí cinn de mhion-innill ghlanta bóthair<br>• Solúbtha/inoiriúnaithe – d'fhreagair sé d'athrú trí bheirt a fhostú ar bhonn páirtaimseartha<br>• Réalaíoch – rinne sé cinneadh freastal ar ranganna oíche<br>• Tógálaí riosca – chuir sé gnólacht ar bun in éineacht lena chara Gearóid/d'fhostaigh sé foireann nua<br>• Tá sé go maith ó thaobh na cumarsáide – fuair sé iasacht ón mbanc agus bhí sé in ann a thabhairt ar a thuismitheoirí cúnamh airgid a thabhairt. |
| **4 (B)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a ghabhann le comhpháirtíocht mar chineál gnó.**<br>• Níos mó caipitil ar fáil, de bharr go bhfuil níos mó úinéirí/infheisteoirí ann.<br>• Níos fearr maidir le cinnteoireacht mar thoradh ar iarracht comhpháirtíochta.<br>• Roinntear an riosca<br>• Roinntear an t-ualach oibre agus an fhreagracht<br>• Scileanna/taithí/eolas/saineolas éagsúla na gcomhpháirtithe<br>• Éasca le bunú. |
| **4 (C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thoisc a chuirfeadh banc san áireamh sula dtabharfaidís airgead ar iasacht do ghnólacht.**<br>(i) Cumas aisíocaíochta/brabúsacht<br>(ii) Rátáil chreidmheasa/stair/inchairde<br>(iii) Sonraí maidir leis na húinéirí agus leis na bainisteoirí<br>(iv) Comhthaobhacht/urrús ar an iasacht/ráthaíocht<br>(v) Plean gnó/cuspóir na hiasachta<br>(vi) Tréimhse na hiasachta. |
| **4 (D)** | **Déan cur síos ar thrí fhreagracht a bhíonn ar an bhfostóir i leith a chuid fostaithe.**<br>(i) ionad oibre atá sábháilte agus folláin a sholáthar<br>(ii) an pá comhaontaithe a íoc as an obair atá déanta (an Ráta Pá Íosta ar a laghad)<br>(iii) cloí leis an reachtaíocht, e.g. Comhionannas Fostaíochta, Dífhostú Éagórach<br>(iv) conradh fostaíochta a sholáthar<br>(v) na taifid chuí a choinneáil maidir le tuairisceáin chánach agus ÁSPC<br>(vi) saoire bhliantúil iomchuí a chur ar fáil de réir na reachtaíochta. |

| 4 (E) | **Baintear úsáid as na foirmeacha seo a leanas i gcánachas ÍMAT.**<br>**Tabhair breac-chuntas ar an aidhm atá le dhá cheann díobh.**<br><br>**P60**<br><br>• Ní mór don fhostóir é a thabhairt don fhostaí ag deireadh na bliana cánach<br>• léiríonn sé pá comhlán an fhostaí don bhliain<br>• léiríonn sé freisin asbhaintí cánach agus ÁSPC a rinneadh le linn na bliana<br>• is féidir é a úsáid mar chruthúnas ar an méid a tuilleadh<br>• is féidir é a úsáid mar chruthúnas ioncaim i gcás iarratais ar iasacht nó ar mhorgáiste.<br><br>**P45**<br><br>• Ní mór don fhostóir é a thabhairt don fhostaí má fhágann fostaí a p(h)ost/nó má dhéantar an fostaí iomarcach le linn na bliana cánach.<br>• léiríonn sé pá comhlán na bliana go dáta agus na hasbhaintí cánach agus ÁSPC a rinneadh<br>• léiríonn sé an dáta fágála<br>• is féidir é a thabhairt d'fhostóir nua nó don Roinn Coimirce Sóisialaí i gcás éilimh ar Shochar Cuardaitheora Poist<br><br>**P21**<br><br>• Ráiteas maidir le hioncam iomlán, creidmheas cánach agus an méid cánach a íocadh le linn bliain chánach áirithe.<br>• eisítear é ar iarratas ón gCigire Cánach go cáiníocóirí ÍMAT<br>• déanann sé comparáid idir an méid cánach a íocadh agus an méid ba cheart a íoc<br>• is féidir úsáid a bhaint as chun aisíocaíocht chánach a éileamh más rud é gur íocadh an iomarca cánach<br>• is féidir úsáid a bhaint as chun tuilleadh íocaíochta cánach a éileamh más rud é nár íocadh dóthain cánach<br>• Tá sé éagsúil ón P60 mar d'fhéadfadh níos mó ná an t-aon fhoinse ioncaim amháin a bheith ag cáiníocóir nó d'fhéadfadh cóimheasúnacht a bheith i gceist, rud a chiallaíonn nach mbeadh an t-eolas ar fad le fáil ar P60 ó fhostóir amháin. |
|---|---|

## Ceist 5 – Bainistíocht / Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| 5 (A) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le buiséad teaghlaigh a ullmhú.**<br>Cabhraíonn sé le teaghlach<br>• A caiteachas a phleanáil de réir an méid ioncaim atá ag an teaghlach<br>• An méid airgid atá ag teacht isteach/ag dul amach a ríomh<br>• Amanna a bhfuil go leor caiteachais ann a aithint<br>• Na hamanna a d'fhéadfadh fadhbanna maidir le sreabhadh airgid tarlú a aithint<br>• Na hamanna a mbeidh breis maoinithe ag teastáil a aithint, e.g. rótharraingt bhainc<br>• Fadhbanna maidir le sreabhadh airgid a réiteach<br>• Amanna a bhfuil barrachas airgid ann a aithint<br>• Caiteachas seasta, neamhrialta agus roghnach a phleanáil. |
| 5 (B) | **Mínigh buntáiste amháin agus míbhuntáiste amháin a bhaineann le nithe a fháil ar léas.**<br>**Buntáistí**<br>• Tá an tsócmhainn i seilbh an léasaí agus is féidir an tsócmhainn a úsáid le linn thréimhse an léasa<br>• Ní gá don léasaí airgead a choigilt, caipiteal a úsáid ná iasacht a fháil chun an tsócmhainn a cheannach, níl aon ghá le cnapshuim<br>• D'fhéadfadh clásal rogha ar cheannach a bheith sa léas<br>• D'fhéadfadh clásal rogha ar chur in ionad a bheith sa léas<br>• Caiteachas pleanáilte – níos éasca sreabhadh airgid a bhuiséadú agus a bhainistiú<br>• Níl aon urrús ag teastáil<br>• Níl aon fhoráil dímheasa ag teastáil i dtaca le sócmhainn léasaithe<br>• Is féidir aisíocaíochtaí léasa a fhritháireamh in aghaidh brabús d'fhonn dliteanas cánach a laghdú.<br>**Míbhuntáistí:**<br>• Níos costasaí de ghnáth ná sócmhainn a cheannach glan amach<br>• Conradh léasa ag teastáil ar feadh íostréimhse áirithe de ghnáth<br>• Ní leis an léasaí an tsócmhainn; ní aistríonn úinéireacht ach má tá rogha ar cheannach ann. |
| 5 (C) | **(i) Ainmnigh trí chineál árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach Uí Dhúill.**<br>**(ii) Mínigh dhá cheann díobh.**<br>• Árachas Tí/Foirgneamh – cuireann sé cosaint ar chaillteanais nó damáiste do struchtúr an fhoirgnimh ar fáil – tine, tuillte, stoirm<br>• Árachas inneachair – cuireann sé cosaint ar fáil ar chaillteanais nó damáiste d'inneachar de bharr buirgléireachta, tine, tuillte<br>• Mótarárachas – éigeantach de réir an dlí árachas tríú páirtí a bheith ag duine Polasaithe eile – Tríú Páirtí, Dóiteán, Gadaíocht, agus Cuimsitheach<br>• Árachas Sláinte – curtha ar fáil ag VHI, Aviva, Quinn – clúdaíonn sé na costais a bhaineann le cúram ospidéil agus roinnt billí leighis i gcás timpiste nó breoiteacht thromchúiseach<br>• Árachas Saoil – trí chineál polasaí – Polasaí Lánsaoil, Árachas Saoil Dearlaice agus Polasaí Téarmach Baintear úsáid as chun cnapshuim cúitimh a chur ar fáil i gcás bhás an árachaí agus/nó mar mhodh coigilte. |

| | |
|---|---|
| **5 (D)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a rachadh chun tairbhe do Shéamas dá ndéanfadh sé gnó dá chuid féin a bhunú.**<br><br>• Is féidir brabúis/ioncam a thuilleamh<br>• Sásamh pearsanta má éiríonn leis<br>• A phleananna féin a chur i ngníomh/tá sé ag brath ar a chuid cinntí féin<br>• Ní bheidh air dul ag obair do dhuine eile<br>• Dúshlán ag baint lena spriocanna a bhaint amach agus lena ghnó féin a bhunú<br>• Ní bheidh air eolas airgeadúil a nochtadh go poiblí.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá dheacracht a d'fhéadfadh a bheith roimh Shéamas le linn gnó dá chuid féin a bhunú.**<br><br>• Baol go gclisfidh an gnó; caithfidh a chuid praghsála ar jabanna péintéireachta a bheith iomaíoch<br>• Chiallódh cliseadh caillteanas infheistíochta – ní mór creidiúnaithe a íoc<br>• D'fhéadfadh sé sócmhainní pearsanta a chailleadh, e.g. teach – dliteanas neamhtheoranta<br>• Tá an fhreagracht cinnteoireachta ar fad ar dhuine amháin<br>• Is deacair maoiniú a fháil le haghaidh leathnú, e.g. deacair iasacht bhainc a fháil<br>• Cúlú eacnamaíochta reatha – níos lú á chaitheamh ag tomhaltóirí ar phéintéireacht/mhaisiúcháin<br>• Tógann sé tréimhse fhada dea-chlú a fhorbairt sa ghnó péintéara/maisitheora. |
| **5 (E)** | **Mínigh na téarmaí:**<br><br>**Pá Comhlán:**<br>An pá/tuarastal iomlán a thuilltear sula ndéantar aon asbhaintí.<br>Folaíonn sé bunphá, ragobair, coimisiún, pá bónais agus sochar comhchineáil.<br><br>**Pá Glan:**<br>An pá a thugann fostaí abhaile taréis asbhaintí ón bPá Comhlán.<br>An Pá Comhlán lúide asbhaintí reachtúla (ÍMAT, ÁSPC, MSU) agus asbhaintí deonacha (e.g. árachas sláinte, síntiúis ceardchumainn). |

# Ceist 6 – Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| 6 (A) | **Cad is brí don 'bhuntáiste de bheith faoi dhliteanas teoranta'?**<br>Sa chás nach n-éiríonn le gnóthas/go mbreithnítear ina féimheach í, ní chaillfidh na scairshealbhóirí ach an méid a d'infheistigh siad sa ghnóthas. Ní bheidh ar Maria a réadmhaoin phríobháideach a úsáid chun íoc as fiacha an ghnóthais má theipeann ar an ngnóthas, má chuireann sí cuideachta theoranta ar bun. |
| 6 (B) | **Mínigh na téarmaí seo a leanas as réimse an taighde margaidh agus tabhair sampla amháin de gach ceann díobh:**<br>**(i) Taighde allamuigh:**<br>Baineann sin leis an ngnóthas ag dul amach san áit mhargaidh agus eolas gnó nua a bhailiú go díreach ó chustaiméirí. I gcás Maria, is custaiméirí ionchais a bheadh i gceist leis seo. (Taighde príomhúil).<br>Samplaí: suirbhéanna ar chustaiméirí (ceistneoirí, agallaimh) agus taighde breathnaitheach.<br>**(ii) Taighde deisce**<br>Baineann sin le teacht ar eolas atá ar fáil cheana féin laistigh nó lasmuigh den ghnóthas; eolas a bhailigh daoine eile cheana féin. (Taighde tánaisteach).<br>Samplaí: comhaid na cuideachta agus taifid ar dhíolacháin, an tIdirlíon, an Phríomh-Oifig Staidrimh, irisí agus irisleabhair thrádála, tuarascálacha Rialtais/eile. |
| 6 (C) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhainfeadh Maria as ainm branda a bheith aici dá cuid earraí cniotála.**<br>• chabhródh sé leis an táirge a aithint/idirdhealaítear an táirge ó tháirgí eile<br>• cruthaítear dílseacht chustaiméara/níos éasca do chustaiméirí an táirge a roghnú<br>• ceadaítear táirgí nua a sheoladh de bharr baint a bheith acu leis an ainm branda atá ann<br>• is féidir le gnólacht praghas níos airde a ghearradh agus brabúis níos airde a thuilleamh<br>• tá sé níos éasca na táirgí a mhargú agus a fhógairt. |
| 6 (D) | **(i) Mínigh feidhm amháin de chuid na fógraíochta.**<br>• Daoine a chur ar an eolas/eolas a chur ar fáil do chustaiméirí maidir le táirge/seirbhís<br>• Cur ina luí ar chustaiméirí táirgí a cheannach<br>• Meabhrú do chustaiméirí go bhfuil táirgí/seirbhísí fós ann<br>• Dul in iomaíocht le táirgí/seirbhísí eile<br>• Cinneadh ceannaithe an chustaiméara a athneartú.<br>**(ii) Déan cur síos ar thrí mheán fógraíochta a d'fhéadfadh Maria a chur san áireamh.**<br>An Preas: Nuachtáin náisiúnta – níos costasaí, níos feiliúnaí do chuideachtaí móra<br>Nuachtáin áitiúla – níos saoire ach lucht léitheoireachta níos lú<br>Irisí – margadh ar leith – píosaí daite<br>Leictreonach: Teilifís – margadh mór náisiúnta<br>Raidió – go leor éisteoirí<br>An tIdirlíon – margadh idirnáisiúnta – aiseolas láithreach<br>Pictiúrlann: lucht éisteachta áitiúil faoi chuing.<br>Póstaeir agus cláir fógraí: d'fhéadfaidís aird daoine a tharraingt in áiteanna poiblí.<br>Post díreach: Eolas maidir le tairiscintí speisialta seolta go díreach chuig custaiméirí ionchais. |

| 6 (E) | **(i) Cad is brí don téarma 'spriocmhargadh'?**<br><br>Is ionann **spriocmhargadh** agus an grúpa daoine ar a bhfuil an táirge nó an tseirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainmhíniú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh, stíl bheatha. (Daoine ag roinnt riachtanais chomónta).<br><br>**(ii) Ainmnigh sampla amháin de spriocmhargadh.**<br>Aon sampla bailí: e.g. deochanna fuinnimh le haghaidh lúthchleasaithe. |
|---|---|

## Ceist 7 – Bainistíocht / Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| 7 (A) | **Mínigh an téarma 'anailís LLDB'.**<br>Is éard atá i gceist leis seo ná anailís ar an riocht ina bhfuil an gnólacht faoi láthair agus déantar é sula gcuirtear plean gnó le chéile de ghnáth.<br>**Láidreachtaí:** Pointí maithe inmheánacha an ghnólachta a thugann buntáiste dó e.g. scileanna eagraithe, gné uathúil dhíolacháin.<br>**Laigí:** Na nithe inmheánacha nach mór a réiteach a bhíonn mar bhac ar an ngnólacht agus é ag iarraidh a chuspóirí a bhaint amach e.g. méid reatha, a bheith gan láithreán Gréasáin, easpa saineolais maidir le margaíocht.<br>**Deiseanna:** Tosca lasmuigh den ghnólacht agus a bhféadfaí buntáiste a bhaint astu san am atá le teacht. Tosca ar chóir leas a bhaint astu nuair is féidir. e.g. margaí nua/féideartha, leathnú a d'fhéadfaí a dhéanamh, margaíocht a dhéanamh ar an idirlíon<br>**Bagairtí:** Tosca atá lasmuigh den ghnólacht agus d'fhéadfadh go mbainfeadh fadhbanna leo amach anseo agus go laghdófar brabúis dá mbarr e.g. iomaíocht, na costais a bhaineann le bia orgánacha, cor chun donais sa gheilleagar. |
| 7 (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le plean gnó a ullmhú**<br>Féadfaidh plean gnó cabhrú le gnóthas<br>• Maoiniú a fháil ó infheisteoirí<br>• Infheisteoirí ionchais a mhealladh<br>• Na hacmhainní a bheidh ag teastáil amach anseo a aithint<br>• An lucht bainistíochta agus an fhoireann a spreagadh<br>• Treoir a thabhairt d'iarrachtaí an ghnólachta<br>• Cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a leagan amach go soiléir<br>• Fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil maidir le hinmharthanacht an smaoinimh gnó. |
| 7 (C) | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhainfeadh Togha Gach Bia as suíomh idirlín a bheith aige.**<br>• Modh fógraíochta/díolacháin<br>• Margadh domhanda 24/7<br>• Díolacháin/brabúis mhéadaithe<br>• Modh trínar féidir cumarsáid thapa a dhéanamh le custaiméirí ionchais.<br>**(ii) Mínigh dhá dhúshlán a chruthaíonn an t-idirlíon don ghnó.**<br>• Riosca víreas etc. a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chórais Teicneolaíocht Faisnéise<br>• An costas a bhaineann le láithreán Gréasáin a bhunú/a chothabháil<br>• Ní mór baill foirne a chur faoi oiliúint i scileanna teicneolaíocht faisnéise<br>• A lán iomaíochta ar an idirlíon<br>• Ní mór láithreáin Gréasáin a choinneáil cothrom le data. |

| | |
|---|---|
| **7 (D)** | **(i) Déan fógra nuachtáin oiriúnach a dhréachtú ina lorgaítear Bainisteoir Margaíochta.**<br><br>**Togha Gach Bia**<br><br>**Folúntas do Bhainisteoir Margaíochta**<br><br>Is caife delicatessen rathúil é **Togha Gach Bia** a bunaíodh i gCorcaigh in 2008. Réitímid mearbhia ardchaighdeáin le haghaidh custaiméirí a d'fhanfadh ar láthair agus dóibh siúd a bhéarfadh leo é. Bainimid úsáid as comhábhair a fhástar go háitiúil agus a tháirgtear go horgánach. Táimid i mbun an gnó a mhéadú faoi láthair agus táimid ag iarraidh Bainisteoir Margaíochta a earcú.<br><br>**An t-iarrthóir idéalach:** Ní foláir dó/di céim sa Mhargaíocht a bheith aige nó aici agus ar a laghad taithí trí bliana ag leibhéal bainistíochta lena n-áirítear díol idirlín.Bheadh eolas ar thionscal na lónadóireachta ina bhuntáiste agus ní foláir a bheith in ann oibriú mar chuid d'fhoireann.<br><br>**Iarratais:** Ní mór iarratais a chur ar aghaidh faoin 30 Meitheamh 2011 chuig:<br><br>Mairéad Ní Mhóráin<br>Bainisteoir Acmhainní Daonna<br>**Togha Gach Bia**<br>63 Príomhshráid<br>Corcaigh. |
| | **(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a thugann obair bhuíne do ghnó.**<br><br>(i) Inspreagadh – spreagann obair bhuíne iarracht níos mó agus tugtar aitheantas ar a bhfuil bainte amach ag gach duine<br>(ii) Cinnteoireacht fheabhsaithe mar gheall ar raon níos leithne tuairimí<br>(iii) Tuilleadh smaointe – bíonn baill de bhuíon níos oscailte le smaointe agus tagtar ar réitigh níos cruthaithí dá bharr<br>(iv) Tacaíocht – roinneann baill de bhuíon an fhreagracht agus d'fhéadfaidís cuidiú a thabhairt dá chéile<br>(v) Roinntear an t-ualach oibre/baintear úsáid níos mó as tallanna daoine/bíonn an obair déanta níos tapúla/níos fearr<br>(vi) Sástacht poist feabhsaithe – laghdaíonn ráta athraithe lucht saothair agus neamhláithreacht. |

# Ceist 8 – Bainistíocht / Gnó i nGníomh

| | |
|---|---|
| **8 (A)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a thiocfadh as Óstán Uí Bhrádaigh a uasghrádú.**<br>(i) Beidh an t-óstán in ann seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí reatha ag cur le dílseacht chustaiméirí dá bharr<br>(ii) Beidh an t-óstán in ann custaiméirí nua a mhealladh agus seans go mbeidh sé in ann díriú ar mhargaí difriúla<br>(iii) Beidh an t-óstán níos fearr in ann dul in iomaíocht le hóstáin eile<br>(iv) D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an uasghrádú mar uirlis margaíochta/fógraíochta chun aird a tharraingt. |
| **8 (B)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí mhodh a d'fhéadfadh Marc a úsáid chun inspreagadh na foirne a fheabhsú.**<br>• Deiseanna a lorg chun obair na foirne a mholadh<br>• Níos mó údaráis a tharmligean chuig an bhfoireann<br>• Luach saothair airgeadais a thabhairt dóibh – bónas, scéim roinnte brabúis<br>• Luach saothair neamhairgeadais a thabhairt dóibh – úsáid áiseanna saor in aisce e.g. linn snámha/giomnáisiam<br>• Deiseanna do chur chun cinn a chur ar fáil<br>• Dreasachtaí a thabhairt isteach – fostaí na míosa<br>• Imeachtaí sóisialta a eagrú don fhoireann. |
| **8 (C)** | **Léirítear Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow thíos anseo.**<br><br>**(i) Liostaigh leibhéal 2, 3 agus 5.**<br>Leibhéal 2: Riachtanais Sábháilteachta/Slándála<br>Leibhéal 3: Riachtanais Shóisialta<br>Leibhéal 5: Riachtanais Fhéinachtála.<br>**(ii) Mínigh go hachomair dhá cheann de na cúig leibhéal.**<br>**Riachtanais Fhisiciúla:** an riachtanas le bia, éadaí, foscadh agus teas, pá/tuarastal chóir<br>**Riachtanais Sábháilteachta/Slándála:** an riachtanas le slándáil poist/coinníollacha oibre sábháilte.<br>**Riachtanais Shóisialta:** an riachtanas le fabhar a fháil ó chomhoibrithe/ó chomhpháirtithe<br>**Riachtanais Urraime**: an riachtanas le meas a bheith ort agus le haitheantas a fháil ó dhaoine níos uachtaraí<br>**Riachtanais Fhéinachtála:** an riachtanas atá i ndaoine a n-acmhainn a chomhlíonadh agus barr feabhais a bhaint amach – féinchomhlíonadh, sásamh as post. |

| | |
|---|---|
| **8 (D)** | **(i) Ríomh Cóimheas an Chaipitil Oibre do na blianta 2010 agus 2009.**<br>(Taispeáin an fhoirmle agus do chuid oibre go léir.)<br><br>**Foirmle:** Sócmhainní Reatha : Fiachais Reatha<br><br>**Oibrithe:** **2010** **2009**<br>2010: 900,000 : 500,000 = 1.8 : 1<br>2009: 800,000 : 400.000 = 2 : 1<br><br>**(ii) Mínigh cé acu feabhas nó meath a tháinig ar an gcóimheas.**<br><br>Tá meath tagtha ar Chóimheas an Chaipitil Oibre ó 2:1 (cóimheas idéalach) in 2009 go 1.8:1 in 2010. D'fhéadfadh go mbeidh fadhbanna leachtachta os comhair an ghnólachta agus d'fhéadfadh go mbeidh deacracht aige a chuid fiachas a íoc de réir mar atá siad dlite. |